# Cairt Chustaiméirí
2025




Bus Átha Cliath
Dublin Bus

# Clár ábhar

Teachtaireacht ón bPOF . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3
1. Ár dtiomantas duitse . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4
2. Seribhís ardchaighdeáin sholáthar . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4
3. Seirbhís inrochtana a sholáthar . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7
4. Ag íoc as d'aistear . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 9
5. Inbhuanaitheacht. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 11
6. Cumarsáid Leat . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 12



# Teachtaireacht ón bPOF

A Chustaiméir chóir, a chara,

Fáilte chuig Cairt Chustaiméirí Bhus Átha Cliath, ina ndéantar cur síos ar ár dtiomantas do sheirbhís do chustaiméirí. Tagann an tiomantas seo leis na cuspóirí agus na spriocanna faoinár gconradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI).

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar ár ndul chun cinn chun caighdeáin a n-aontaítear leo a bhaint amach agus torthaí a fhoilsiú go rialta ar shuíomh gréasáin an ÚNI, **www.nationaltransport.ie**.

Mar chuid dár dtiomantas do sheirbhís do chustaiméirí, tá monatóireacht leanúnach á déanamh againn ar an líonra agus leasuithe á ndéanamh againn chun freastal níos fearr ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Is deas linn i gcónaí dearcthaí ár gcustaiméirí a chloisteáil ar conas is féidir linn feabhas breise a chur ar chaighdeán agus ar shábháilteacht ár seirbhíse.  Inis dúinn, le do thoil, cad a cheapann tú trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag **customercomment@dublinbus.ie** nó léigh an chairt seo chun teacht ar bhealaí eile chun teagmháil a dhéanamh linn.

Cabhróidh aon eolas is féidir leat a thabhairt linn chun an tseirbhís a sholáthraímid duit a fheabhsú.

Le dea-mhéin,

**Billy Hann**
Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath

# 1. Ár dtiomantas duit

Is aidhm do Bhus Átha Cliath seirbhís bus atá sábháilte, iontaofa agus inrochtana a sholáthar dár gcustaiméirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC).

Leagtar amach inár gCairt Chustaiméirí na caighdeáin agus na spriocanna a bheartaímid a bhaint amach faoi conas a sholáthróimid iad.

**Seo an méid a dhéanfaimid:**

- seirbhís inrochtana bus a sholáthar
- eolas soiléir agus cruinn ar na seirbhísí a sholáthar
- caitheamh le gach duine go cothrom, gan aird ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine, ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.
- freagraí a thabhairt ar do chuid fiosrúchán.
- leanúint den teicneolaíocht nua agus áiseanna nua-aimseartha a úsáid chun ár seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú.

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar ár ndul chun cinn chun ár gcaighdeáin agus spriocanna a bhaint amach. Foilsítear na torthaí ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair; www.nationaltransport.ie.

Cuirimid fáilte roimh aon tuairim a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an gCairt Chustaiméirí seo. Déanfaimid athbhreithniú gach bliain ar an gcáipéis seo lena chinntiú go bhfuil sé ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.

# 2. Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar

Tá sé mar aidhm againn seirbhís iontaofa a sholáthar. Fágfaidh ar a laghad 95% de na busanna laistigh de 5 nóiméad óna n-am imeachta fógartha. Ní fhágfaidh busanna an stáisiún go luath (murach go bhfuil cúis mhaith sábháilteachta nó seirbhíse leis).

Déanaimid ár seacht ndícheall na seirbhísí a oibriú agus a choimeád de réir an amchláir sceidealaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh rudaí titim amach nach bhfuil smacht againn orthu a chuirfidh isteach ar na seirbhísí, ar nós dálaí bóthair toisc drochaimsire agus atreorú tráchta nó cur isteach ar an trácht.

Déanaimid athbhreithniú rialta ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus éistfimid le dearcthaí ár gcustaiméirí nuair a bhíonn athruithe á ndéanamh againn. Leagfar béim ar sheirbhísí a fheabhsú más indéanta de réir úsáid custaiméirí.

Déanfaimid deimhin de go mbíonn uimhir an bhealaigh agus an ceann scríbe ceart ar taispeáint ar 95% dár mbusanna, ar a laghad. Taispeánfar 'Seirbhís á Tosú' nuair a bhíonn busanna ag taisteal go stáisiún cinn aistir chun seirbhís ar bhealach a thosú.

Beidh gach fostaí dea-bhéasach agus cabhrach leat. Bíonn tiománaithe agus na cigirí so-aitheanta agus caitheann siad éide iomlán na cuideachta.

## 2.1 Caitheamh go cothrom lenár gcustaiméirí go léir agus freastal ar éagsúlacht

Táimid tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar atá oiriúnach dár gcustaiméirí ar fad agus do chomhionannas a chur chun cinn, d'fhreastal ar éagsúlacht agus do chinntiú nach ndéantar idirdhealú i measc ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí. Ní ghlacfaimid le haon idirdhealú bunaithe ar inscne, aois, míchumas, cineál, creideamh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.

## 2.2 Sábháilteacht agus slándáil

Tá do shábháilteacht agus sábháilteacht ár bhfostaithe ríthábhachtach dúinn. Ar mhaithe le do chuid slándála agus le slándáil ár dtiománaithe, tá ceamaraí CCTV feistithe inár mbusanna. Cuireadh ceamaraí breise CCTV ar bhusanna a tugadh isteach sa fhlít ó 2012.

Cuirimid fógraí sábháilteachta agus slándála ar fáil bhusanna atá éasca le haithint. Cuirfidh gach tiománaí de chuid Bhus Átha Cliath do chuid sábháilteachta agus compoird san áireamh nuair a bhíonn siad ag tiomáint. Tá Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla ag ár dtiománaithe go léir. Soláthraímid oiliúint leanúnach chun a chinntiú go mbaineann siad caighdeáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre amach. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh againn ar theicnící tiomána agus foghlama nua-aimseartha lena chur ar chumas ár dtiománaithe tú a thabhairt go dtí do cheann scríbe go sábháilte, in am trátha agus ar bhealach cúirtéiseach.

## 2.3 D'aistear

Tá sé mar aidhm againn seirbhís a sholáthar atá compordach dár gcustaiméirí uile. Tá cosc ar chaitheamh tobac agus alcól a ól agus ar thoitíní leictreonacha a úsáid ar an mbus.

**Le go mbeimid in ann seirbhís bus ar ardchaighdeán a sholáthar, iarraimid ort:**

- ligean do phaisinéirí an bus a fhágáil sula dtéann tú féin ar bord an bhus
- cinntiú go bhfuil an táille cheart agat do do thuras sula dtéann tú ar an mbus
- greim a choimeád ar na ráillí láimhe nuair atá tú i do sheasamh nó ag siúl ar an mbus
- úsáid a bhaint as an raca bagáiste atá ar fáil agus gan bagáiste a fhágáil sna pasáistí ná ar na suíocháin
- a bheith cúirtéiseach leis na paisinéirí eile
- cinntiú nach bhfuil do chluasáin ná do chomhrá ar an nguthán póca ró-ard
- a bheith cúirtéiseach leis an tiománaí agus a gcuid treoracha a leanúint maidir le cúrsaí oibríochta
- gan a bheith ag caint ná ag cur isteach ar an tiománaí fad a bhíonn an bus ag gluaiseacht (ach amháin i gcás éigeandála)
- gan do chosa a chur in airde ar na suíocháin
- gan buscar a fhágáil ar an mbus
- gan an líne bhán a thrasnú nuair atá an bus ag gluaiseacht

Cinntímid go nglanfar na busanna gach lá ar an taobh istigh agus amuigh sula gcuirtear ar seirbhís iad. Glantar uair sa lá gach áit phoiblí ar fud áitreabh Bhus Átha Cliath.

Scrúdaímid ár mbusanna go rialta chun a chinntiú go bhfuil soilsiú, téamh agus aeráil ag feidhmiú maith a dhóthain.

## 2.4 Earraí caillte

Déantar aon earraí a aimsítear ar bhus a thabhairt go dtí Oifig na nEarraí Caillte laistigh de dhá lá oibre. Má chaill tú earra, féach na sonraí teagmhála thíos.

# 3. Seirbhís inrochtana a sholáthar

**Táimid tiomanta do chabhrú le gach duine ár gcuid seirbhísí a úsáid. Mar chuid de seo:**

- tá urláir ísle ar ár mbusanna atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí
- tá spás amháin i ngach bus curtha in áirithe do chathaoir rothaí
- i mbusanna níos nua, tá spás do chathaoir rothaí agus spás do bhugaí
- déantar fógraí fuaime ar gach bus a chuireann ar an eolas thú faoin gcéad stad bus eile
- tá áis i ngach bus inar féidir an crochadh a ísliú le rampa imlonnaithe
- tá formhór ár stadanna bus inrochtana do chathaoir rothaí
- tá ár n-oifigí phoiblí inrochtana
- soláthraímid eolas ar ár gcuid seirbhísí uile

Cuirimid Scéim um Chúnamh Taistil ar fáil a bhfuil de chuspóir aici cabhair a thabhairt do chomaitéirí úsáid neamhspleách a bhaint as Bus Átha Cliath, an DART agus Luas. Taistealóidh cúntóir oilte le custaiméirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, lagú céadfach orthu nó atá faoi mhíchumas foghlama an chéad cúpla babhta a thaistealaíonn siad agus cuirfidh siad comhairle orthu maidir le hiompar poiblí a úsáid. Is seirbhís saor in aisce í seo agus cuirtear ar fáil í do chustaiméirí atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

## 3.1 Custaiméirí a bhfuil bugaithe acu

Má tá tú ag súil le páiste, nó má tá tú ag taisteal ar Bhus Átha Cliath agus do naíonán i mbugaí leat, seo thíos roinnt leideanna a chabhróidh leat.

Dearadh busanna ísealurláir chun nach gá bugaithe a fhilleadh suas sa spás do chathaoir rothaí, mura bhfuil sé á úsáid. Cinntigh go bhfuil an bugaí in áit shábháilte, agus go bhfuil an coscán ar siúl, ní féidir leat taisteal le bugaithe nach bhfuil fillte suas sa phasáiste. Ba cheart go mbeifeá in ann dul ar bord aon bhus ísealurláir le bugaí. Má cheapann an tiománaí go bhfuil an bus róphlódaithe duit chun dul ar bord go sábháilte, diúltóidh sé nó sí duit dul ar bord. Ní iarrfaidh an tiománaí ar dhuine ar bith atá ag taisteal cheana féin an bus a fhágáil chun spás a dhéanamh.

Más mian le duine i gcathaoir rothaí dul ar bord nuair atá bugaí neamhfhillte sa spás do chathaoir rothaí, iarrfaidh an tiománaí ort an bugaí a fhilleadh agus é a chur sa spás bagáiste nó é a choimeád taobh leat. Tugtar tús áite d'úsáideoirí cathaoir rothaí i gcomparáid le gach duine eile chun an spás do chathaoir rothaí a úsáid, mar gheall gurb é seo an t-aon áit ar féidir leo taisteal go sábháilte.

Caithfear bugaí nach bhfuil páiste ann a fhilleadh agus a stóráil sa limistéar bagáiste.

Tá spás do chathaoir rothaí agus spás do bhugaí ar gach bus nua. Is féidir le húinéirí bugaí an dá spás a úsáid ach caithfidh úinéir an bhugaí sa spás do chathaoir rothaí an spás seo a fhágáil más mian le húsáideoir cathaoir rothaí teacht ar bord an bhus.

# 4. Ag íoc as d'aistear

Táimid tiomanta do chabhrú le gach duine ár gcuid seirbhísí a úsáid.

**Is féidir leat íoc as d'aistear le hairgead tirim nó le Cárta Leap. Nuair atá tú ag íoc le hairgead tirim, iarraimid ort:**

- insint don tiománaí cá bhfuil tú ag dul
- an táille chruinn a bheith ullamh agat i mboinn
- do thicéad a choimeád lena sheiceáil

Tá córas táille cruinne i bhfeidhm ar ár seirbhísí.

## 4.1 Cárta Leap

Is féidir Cárta Leap TFI a úsáid ar gach seirbhís sceidealaithe Bhus Átha Cliath, Xpresso agus Nitelink ina measc.

Gearrtar Táille 90 Nóiméad TFI anois ar gach aistear a dhéantar ar Bhus Átha Cliath, Luas agus ar fhormhór sheirbhísí an DART, iarnróid comaitéireachta (criosanna 1 go 4 sa Chrios Gearrthurais) agus ar sheirbhísí Go-Ahead Ireland i nGréasán Bus Chathair Bhaile Átha Cliath nuair atá Cárta Leap TFI á úsáid.

Ní chosnaíonn TFI 90 ach €2.00 do dhaoine fásta, €1.00 do dhaoine fásta óga (19-25 bliain d'aois) agus do mhic léinn agus 65 cent do leanaí a shine le 18 mbliana d'aois, an aois sin san áireamh. Gearrtar táille ghearrthurais freisin do thurais singil.

## 4.2 Luach ar airgead a sholáthar

Cuireann Cárta Leap TFI coigiltí móra ar fáil do chustaiméirí i gcomparáid le táillí airgid thirim. Tá táillí singil Leap do dhuine fásta a mhéid le 30% níos saoire ná táillí singil airgid thirim agus cuirtear táillí leathphraghais ar fáil anois do dhaoine fásta óga (19-25 bliain d'aois) agus do mhic léinn nuair atá ticéid singil Leap á gceannach acu.

### 4.3 An Scéim Saorthaistil

Má tá tú 66 bliain d'aois nó níos sine agus má chónaíonn tú go buan i bPoblacht na hÉireann, ceadaíonn an Scéim Saorthaistil duit taisteal saor in aisce ar fhormhór sheirbhísí CIÉ agus seirbhísí iompair phoiblí a chuireann líon mór oibreoirí príobháideacha ar fáil in áiteanna éagsúla sa tír. Cuireann an scéim Cárta Seirbhíse Poiblí (CSP) ar fáil do gach rannpháirtí incháilithe a úsáidtear chun go soláthrófar an tsaoráid saorthaistil dóibh.

Ní mór do shealbhóirí CSP Saorthaistil a bheith in ann a bpas a thaispeáint ag am ar bith le linn a n-aistir. Ní féidir an CSP Saorthaistil a úsáid ar na seirbhísí seo a leanas de chuid Bhus Átha Cliath: Turais Fámaireachta, seirbhísí bus speisialta agus ní féidir é a úsáid do thaisteal eagraithe do ghrúpa ar aon seirbhís.

### 4.4 Táille chaighdeánach

Mura bhfuil ticéad bailí agat, eiseofar táille chaighdeánach duit a chiallaíonn go mbeidh ort pionós €100 a íoc nó, mura n-íocfaidh tú an táille, d'fhéadfaí thú a thabhairt os comhair cúirte agus d'fhéadfaí fíneáil €1000 a ghearradh ort. Má íocann tú an táille chaighdeánach laistigh de 21 lá óna eisiúint, áfach, glacfaidh Bus Átha Cliath le híocaíocht laghdaithe €50.

**Dlitear táille chaighdeánach a ghearradh ar chustaiméirí ar na cúiseanna seo a leanas, chomh maith:**

- Murar íoc tú an táille cheart do d'aois nó d'fhad do thurais.
- Mura bhfuil an Cárta Aitheantais Grianghraif riachtanach agat le Pas Taistil ón Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Mura bhfuil Cárta Aitheantais Grianghraif CIÉ agat le do thicéad réamhíoctha do dhuine fásta, do scoláire nó do pháiste.
- Mura tusa an duine atá sa phictiúr ar an gCárta Seirbhíse Poiblí ag a bhfuil saoráid Saorthaistil.

## 5. Inbhuanaitheacht

Is é iompar poiblí inbhuanaithe cnámh droma na soghluaisteachta uirbí. Is í an fhís atá ag Bus Átha Cliath go mbeidh seirbhís ísealchostais, rialta agus astaíochtaí nialasacha ann ina gcuirfear sraith iomlán réitigh sholúbtha iompair ar fáil a dhéanann aistir ó dhoras go doras éasca agus taitneamhach do gach duine dár gcustaiméirí.

Creidimid gur féidir leis seo cur go mór i dtreo ceann de na cathracha is inbhuanaithe agus ceann de na cathracha is fearr le cónaí inti agus le cuairt a thabhairt uirthi san Eoraip a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath. Is féidir le Baile Átha Cliath a bheith ina eiseamláir do chathracha eile maidir le conas fás a bhainistiú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.

Aithnímid gur gá dul i mbun gnímh in aghaidh athrú aeráide, agus tá bród ar Bhus Átha Cliath, ar aon dul lenár straitéis inbhuanaitheachta, go bhfuil athrú á thabhairt chun cinn sa phríomhchathair, agus go bhfuil an bealach á stiúradh acu le tionscadail nuálacha, cosúil le leictriú. Is iad na luchtairí agus na busanna leictreacha seo an chéad chéim i dtionscadal ceannródaíoch agus uaillmhianach chun ár n-iostaí agus flít busanna na cathrach a leictriú.

Aithnímid ár bhfreagracht chun gníomhú. Cé go bhfuilimid meáite ar iarracht a dhéanamh an sprioc fhadtéarmach uaillmhianach astaíochtaí sceithphíopa ar bith a bhaint amach, tá roinnt tionscnaimh bhithéagsúlachta á gcur i bhfeidhm againn freisin, coirceoga agus córais bhailithe uisce báistí ag roinnt dár n-iostaí ina measc. Creidimid inár bpobail a dhéanamh níos inbhuanaithe agus inár gcustaiméirí a chumasú cur go dearfach leis an timpeallacht. Tá todhchaí níos glaine, níos ciúine agus níos glaise á cruthú againn le chéile do Bhaile Átha Cliath le gach aistear a dhéantar le Bus Átha Cliath.

# 6. Cumarsáid Leat

Táimid tiomanta do chumarsáid shoiléir, thráthúil, agus thrédhearcach a dhéanamh leat i measc na gcainéal uile atá ar fáil, agus dár gcustaiméirí a choimeád ar an eolas ag gach céim dá n-aistear linn.

## 6.1 Thú a choimeád ar an eolas

Foilsítear gach amchlár bus ar ár suíomh gréasáin: www.dublinbus.ie Nuair a bhíonn amchlár nó bealach á athrú, cuirfimid ar an eolas thú trí é a fhógairt i nuachtá(i)n), nuair is cuí, agus ar ár suíomh gréasáin ar a laghad 20 lá oibre sula ndéanfar aon athruithe.

Cinntímid go dtaispeántar eolas cruinn amchláir ar 98%, ar a laghad, de na príomhstadanna bus ar a dtugtar eolas amchláir.

Cinntímid go gcuirtear ardleibhéal d'eolas cruinn fíor-ama ar fáil ar aip TFI, suíomh gréasáin Bhus Átha Cliath agus ar chomharthaí ar an tsráid. Baineann fógraí sráide cruinneas 96% nó níos airde amach.

Déanfar fógraí fuaime ar gach bus as Béarla agus as Gaeilge a chuireann ar an eolas thú ar an gcéad stad bus eile. Cuirfimid faisnéis faoi tháillí in airde ar ár suíomh gréasáin ag: www.dublinbus.ie

## 6.2 Do chuid tuairimí agus fiosrúchán

Is mór againn do thuairimí. Má bhíonn gearán nó moladh agat faoi conas is féidir linn feabhas a chur ar ár seirbhís, ba mhaith linn go gcuirfeá sinn ar an eolas ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- Ríomhphost: https://www.transportforireland.ie/support/send-a-message
- Fiosrúcháin ó bhaill den Oireachtas: bacoireachtas@dublinbus.ie
- Guthán: 0818 294 015
- X (Twitter): @TFIupdates

Is féidir leat plé linn as Béarla nó as Gaeilge. Tabharfar freagra i nGaeilge ar an gcomhfhreagras go léir a fhaightear i nGaeilge.

**Nuair a bhíonn gearán á dhéanamh, iarrtar ar chustaiméirí a oiread sonraí is féidir a sholáthar, an méid seo a leanas ina measc**:

- dáta agus am an taistil
- cláruimhir an bhus
- uimhir stad an bhus a ndeachaigh tú ar bord ann
- an treo ina raibh tú ag taisteal
- sonraí teagmhála

Pléitear faoi rún le gach cás. Aithneofar go bhfuarthas gach gearán a rinneadh ar r-phost laistigh de 1 lá oibre agus déanfaidh Bus Átha Cliath iad a fhiosrú, más cuí. Tá sé mar aidhm againn freagra iomlán a thabhairt laistigh de 15 lá oibre.

Mura bhfuil tú sásta lenár bhfreagairt, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair ag **info@nationaltransport.ie** a dhéanfaidh do ghearán a athbhreithniú.

Úsáidimid taighdeoirí margaidh neamhspleácha chun iniúchadh a dhéanamh ar conas atá ag éirí lenár seirbhís bus agus chun do chuid tuairimí a fháil ina leith. Iarraimid ar ár bhfostaithe a gcuid tuairimí a sholáthar freisin i ndáil lenár seirbhís.

Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh taighde ar thuairimí ár gcustaiméirí maidir lenár gcuid seirbhísí.

**Eolas teagmhála**

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hIonad Teagmhála Custaiméirí an ÚNI ar an nguthán ag Glao Áitiúil 0818 294 015 nó (01) 575 6110 nó ar +353 1 575 6110 ó áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann

**Uaireanta Oscailte Gutháin**:

Luan go hAoine: 07.00 go 19.00
An Satharn: 08.00 go 18.00
An Domhnach agus saoirí poiblí: 10.00am go 18.00pm
Nó is féidir foirm ghearr theagmhála a líonadh le teachtaireacht a sheoladh chuig ball dár bhfoireann seirbhíse do chustaiméirí.

**Seol teachtaireacht:**

https://www.transportforireland.ie/support/send-a-message
X (Twitter): @TFIupdates

**I bPearsan:**
Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Uaireanta oscailte:
Luan go hAoine: 09.00am go 17.30pm
An Satharn, an Domhnach agus saoirí poiblí: Dúnta

**An Ceann Oibríochtaí**
Bus Átha Cliath
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 703 3000
Ríomhphost: info@dublinbus.ie

**Earraí Caillte**
**Faigh cabhair le d'Earraí Caillte a aimsiú**
Déan teagmháil le Transport for Ireland chun teacht ar chabhair chun d'earra caillte a aimsiú agus a fháil ar ais.

**Cad é an chéad rud eile atá le déanamh?:**
Déan cur síos ar d'earra san fhoirm earraí caillte seo. Cuirfimid ar an eolas thú a luaithe agus is féidir linn má cheapaimid go bhfuil sé againn nó má theastaíonn eolas breise uainn:

**Tabhair Earraí Caillte le Fios Anseo**
www.transportforireland.ie/support/report-lost-property/

**Má bhraitheann tú go bhfuil sé práinneach agus más gá duit labhairt le duine éigin freisin:**

Glaoigh ar: 0818 294 015
Áiteanna lasmuigh d'Éirinn: +353 1575 6110

- 07.00-19.00 i rith na seachtaine
- 08.00-18.00 ar an Satharn
- 10.00-18.00 ar an Domhnach agus Saoirí Poiblí

**Príomhphointí:**

- Stóráiltear earraí ar feadh fad uasta 30 lá.
- Luan go Déardaoin: déantar aon rud a aimsítear ar ár mbusanna a thabhairt go dtí ár rannóg Earraí Caillte laistigh de dhá lá oibre idir 14.30 uair agus 17.00 uair. Aoine go Domhnach: ní bhainfidh earraí a aimsíodh ár n-oifig earraí caillte amach ach go dtí an Luan ina dhiaidh sin ag 14.30 uair.
- A luaithe a dheimhníomar go bhfuil d'earra againn, seolfaimid ríomhphost chugat le sonraí faoi conas é a fháil ar ais.
- Is féidir leat earraí a bhailiú ónár n-oifig earraí caillte.

**Seoladh Bailithe:**
***Nuair a fhaigheann tú ríomhphost ina bhfuil uimhir thagartha earra a aimsíodh lena thabhairt le fios duit go bhféadfadh gurbh ionann earra agus d'earra caillte, is féidir leat dul go dtí an oifig earraí caillte le d'earra a dheimhniú agus a fháil ar ais.**

**Oifig na nEarraí Caillte**
Bus Átha Cliath, Plás an Iarla,
Baile Átha Cliath 1. D01 P7K8
Luan go hAoine 08:45am go 17:00pm
An Satharn, an Domhnach agus saoirí poiblí: Dúnta

**An Scéim um Chúnamh Taistil**

An tOifigeach Inrochtaineachta
Bus Átha Cliath
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 703 3204
Ríomhphost: travelassist@dublinbus.ie

**Cosaint Sonraí**

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán an dlí um chosaint sonraí i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta custaiméirí. Má bhíonn aon fhiosrúcháin agat a bhaineann le cosaint sonraí, is iad sonraí teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí Bhus Átha Cliath:
**Ríomhphost:** dataprotection@dublinbus.ie
**Guthán:** 01 703 3003

**Dáta Eisiúna Bealtaine 2025**

## Notes

# Notes

**An tOifigeach Inrochtaineachta Bus Átha Cliath**
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

**An Roinn Cumarsáide Straitéisí agus Rannpháirtíochta:**
communications@dublinbus.ie

www.dublinbus.ie

**@dublinbusnews**

Faisnéis ceart tráth a fhoilsithe (Meitheamh 2025)